Coimisiún na Meán

# An Cód maidir le Seirbhís Meán agus Dréachtrialacha maidir le Seirbhísí Meán

# Soláthraithe Seirbhíse Meán Closamhairc ar Éileamh

# Clár Ábhar


1. Réamhrá 3

2. Raon agus Dlínse 3

3. Cuspóir, Ullmhú, agus Cur i bhFeidhm an Chóid agus na Rialacha 4

Cuspóir 4

Ullmhú an Chóid agus na Rialacha 4

4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha don Chód agus do na Rialacha 4

Cuspóirí agus Feidhmeanna Reachtúla Ginearálta 5

Sainchuspóirí Reachtúla 6

5 Inscoiteacht 6

6 Tarscaoileadh 6

7 Comhlíontacht agus Forfheidhmiú 7

8 Gearáin agus Faisnéis 7

9 Treoir 8

10 Sainmhínithe – Cód maidir le Seirbhísí Meán agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán 8

Forálacha an Chóid maidir le Seirbhís Meán 11

11 Ábhar Dochrach 11

12 Cearta chun Saothar Cineamatagrafach 12

13 Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc 12

14 Urraíocht 14

15 Suíomh Táirgí 15

Forálacha na Rialacha maidir le Seirbhís Meán 17

16 Inrochtaineacht seirbhísí closamhairc ar éileamh 17

Treoir 20

# 1. Réamhrá

1.1 De bhun Alt 46N(1) agus Alt 46O(1) agus (5) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022, (**“an tAcht”**), féadfaidh Coimisiún na Meán (an **“Coimisiún”**) cóid agus rialacha (**“cóid maidir le seirbhís meán”** agus **“rialacha maidir le seirbhís meán”**) a dhéanamh lena rialófar caighdeáin agus cleachtais craoltóirí agus soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

1.2 De bhun Alt 46N(5) den Acht, déanfaidh an Coimisiún cóid maidir le seirbhísí meán lena bhforálfar do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh ina leith le hAirteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7b, 8, 9, 10 agus 11 de Threoir (AE) 2010/13 (arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808) (“**an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**”) (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le rialacha maidir le seirbhísí meán).

1.3 De bhun Alt 46O(9) den Acht, forálfar le rialacha maidir le seirbhís meán do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh maidir leo le hAirteagail 6(1), 6a(1), 7, 7b, 8, 9, 10, 11, Caibidil VI agus Airteagail 23(2), 24 agus 25 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc (ach amháin a mhéid a fhoráiltear le cóid maidir le seirbhís meán).

1.4 I gcomhréir lena dhualgais agus lena oibleagáidí reachtúla mar a leagtar amach thuas, d’ullmhaigh an Coimisiún an cód seo maidir le seirbhísí meán seo (an **“Cód”**) agus na rialacha seo maidir le seirbhísí meán (na **“Rialacha”**).[1] An 5 Samhain 2024, gabhfaidh éifeacht leis an gCód agus leis na Rialacha.

# 2. Raon agus Dlínse

2.1 Leis an gCód agus leis na Rialacha, tugtar éifeacht d’Airteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7, 8, 9, 10, agus 11 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc in Éirinn, a mhéid a bhaineann siad le seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

2.2 Beidh feidhm ag an gCód agus na Rialacha, dá réir sin, maidir le soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ar fáil.

2.3 Beidh feidhm ag an gCód agus na Rialacha maidir le soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ar fáil atá faoi dhlínse an Stáit de réir bhrí Alt 2A den Acht amháin.

[1] Aithníonn Coimisiún na Meán an ról atá ag Grúpa na Seirbhísí Meáin Closamhairc ar Éileamh (“SMCÉ”) agus a Chód Iompair chun creat rialála a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil sula dtugtar an Cód agus na Rialacha isteach. Tar éis fhoilsiú an Chóid agus na Rialacha, cúlghairfear an bonn reachtúil do Chód Iompair SMCÉ trí Ionstraim Reachtúil. Leanfaidh Coimisiún na Meán de bheith ag plé go leanúnach le comhaltaí de ghrúpa SMCÉ mar chuid dá rannpháirteachas rialála leis an earnáil ar éileamh níos leithne.

# 3. Cuspóir, Ullmhú, agus Cur i bhFeidhm an Chóid agus na Rialacha

## Cuspóir

3.1 Is é cuspóir an Chóid agus na Rialacha a chinntiú go gcomhlíonann soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ar fáil atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais Airteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7, 8, 9, 10, agus 11 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

## Ullmhú an Chóid agus na Rialacha

3.2 De bhun Alt 46N(6) den Acht, thug an Coimisiún aird ar na nithe seo a leanas agus an Cód á ullmhú aige: -

- an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gcláir.
- méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh bunábhar clár.
- ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár.
- an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin.
- a inmhianaithe atá sé a dheimhniú go gcuirfidh soláthraí seirbhíse craolacháin nó seirbhíse meán closamhairc ar éileamh an Coimisiún ar an eolas faoi aon athrú a dhéanann difear do chineál na seirbhíse agus, go háirithe, faoi aon athrú is ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gcód maidir le seirbhísí meán.
- a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

3.3 Ullmhaíodh an Cód agus na Rialacha de réir na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Alt 46Q den Acht.

# 4. Prionsabail Rialála atá Ábhartha don Chód agus do na Rialacha

4.1 Ina léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú den Chód agus de na Rialacha, ní mór don Choimisiún, i gcomhréir lena dhualgais sa dlí poiblí, gníomhú go dlíthiúil, go réasúnta agus go cothrom.

4.2 Go sonrach, ní mór don Choimisiún gníomhú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

- a chuspóirí agus a fheidhmeanna reachtúla ginearálta faoin Acht.
- na sainchuspóirí reachtúla atá mar bhonn faoin gCód agus faoi na Rialacha.
- na cearta a thugtar leis an mBunreacht, leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine ag féachaint de réir mar is infheidhme faoin Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, agus faoi Chonarthaí an Aontais Eorpaigh.

4.3 I léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Choimisiúin ar an gCód agus na Rialacha, tabharfaidh sé aird chuí ar an méid seo a leanas:

- daingniú an Stáit ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, go háirithe Airteagal 9 (Inrochtaineacht), Airteagal 21 (Saoirse cainte), agus Airteagal 30 (Rannpháirtíocht sa saol cultúrtha, áineas, fóillíocht agus spórt).
- forálacha an Ghnímh Eorpaigh Inrochtaineachta agus I.R. Uimh. 636/2023 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Inrochtaineachta le haghaidh Táirgí agus Seirbhísí), 2023 (atá sceidealaithe teacht i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2025).

## Cuspóirí agus Feidhmeanna Reachtúla Ginearálta

4.4 Déantar foráil in Alt 7(2) den Acht maidir leis an gCoimisiún, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, go bhféachfaidh sé lena áirithiú go gcloífear leis na luachanna daonlathacha a chumhdaítear sa Bhunreacht, go háirithe iad sin a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, agus go dtabharfar cosaint do leasanna an phobail, lena n-áirítear leasanna leanaí, agus tiomantas ar leith ann do shábháilteacht leanaí. Féachfaidh an Coimisiún freisin lena áirithiú, maidir le beartais an Choimisiúin i leith na seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann maidir le daoine faoi mhíchumas, agus ar a gceanglais maidir le hinrochtaineacht ar na seirbhísí sin.

4.5 Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún iarracht a dhéanamh a áirithiú lena shocruithe rialála (i) go dtabharfar aghaidh ar bhunábhar clár agus ar ábhar eile atá dochrach nó mídhleathach; (ii) go gcuirfear athrú teicneolaíochta agus sochaíoch san áireamh; agus (iii) go n-oibrítear go comhréireach, go leanúnach agus go cothrom.

4.6 Le hAlt 7(3) den Acht déantar foráil, ina theannta sin, go ndéanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas *inter alia*:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a spreagadh.
- inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn agus a spreagadh i mbeartais agus cleachtais soláthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

- cinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a dhéanamh agus a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, agus an chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe a chur chun cinn i measc na ndaoine lena ngabhann sé i gcomhairle.
- spreagadh a thabhairt don chomhlíontacht le forálacha an Achta, agus le forálacha aon chóid, rialach nó ionstraime reachtúla eile a dhéantar faoi, ar aon bhealach a mheasann an Coimisiún a bheith cuí, lena n-áirítear trí threoraíocht a fhoilsiú faoin gcaoi a bhféadfaí na bearta sin a chomhlíonadh.

4.7 De bhun Alt 7(4) den Acht, i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, féachfaidh an Coimisiún do na nithe seo a leanas: sábháilteacht leanaí, agus beartais fhoilsithe an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; rialáil an chearrbhachais, agus beartais fhoilsithe an Aire Dlí agus Cirt a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; an t-athrú aeráide agus an inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus beartais fhoilsithe an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin; agus beartais fhoilsithe an Rialtais a mhéid a bhaineann le haon cheann de na hábhair sin.

### Sainchuspóirí Reachtúla

4.8 De bhun Alt 46N(5) agus Alt 46O(9) den Acht, tá sé mar chuspóir ag an gCód agus na Rialacha go gcomhlíonann soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí meán closamhairc ar éileamh ar fáil atá faoi dhlínse an Stáit ceanglais Airteagail 5, 6(1), 6a(1) go (3), 7, 8, 9, 10, agus 11 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc.

## 5 Inscoiteacht

5.1 Má chinntear go bhfuil aon fhoráil den Chód agus de na Rialacha neamhdhlíthiúil, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe (ar bhonn ginearálta nó i dtaca le soláthraí (soláthraithe) áirithe seirbhíse meán ar bhealach ar bith, ar bhunús aon dlí (lena n-áirítear an Bunreacht agus dlí na hEorpa), ní rachaidh an cinneadh sin i bhfeidhm ar dhlíthiúlacht, bailíocht, in-fhorfheidhmitheacht ná infheidhmitheacht aon fhorála eile den Chód agus de na Rialacha ná cuid den Chód/de na Rialacha, nó is amhlaidh an méid céanna má fhaigheann an tsuibiacht faoiseamh arna dheonú ag cúirt.

5.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, beidh gach foráil eile agus/nó cuid eile den Chód agus de na Rialacha fós lánéifeachtach, infheidhmithe, agus in-fhorfheidhmithe. A mhéid is gá is amhlaidh a bhainfear den Chód agus de na Rialacha aon fhoráil nó cuid den Chód/de na Rialacha, a chinntear a bheith neamhdhlíthiúil, neamhbhailí, toirmiscthe, neamh-infhorfheidhmithe nó neamh-infheidhmithe.

## 6 Tarscaoileadh

6.1 Más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d’aon aighneacht, measúnú, togra, tuairisc, ráiteas comhoiriúnachta ná d’aon doiciméad analógach a chuireann soláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh faoina bhráid, a áirítear ar chlár na soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh arna gcruthú ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an

Acht, ná nach ndéanann sé trácht orthu sin; ní mheasfar é sin a bheith ina ghlacadh ná faomhadh d'ábhar aon choda den mhéid céanna, agus ní thuigfear uaidh gur chomhlíon an soláthraí seirbhíse meán a chuid oibleagáidí faoin Acht agus/nó faoin gCód agus faoi na Rialacha.

6.2 Gan dochar don mhéid roimhe seo, más amhlaidh nach bhfreagraíonn an Coimisiún d'aon doiciméad den sórt sin ná nach ndéanann sé trácht orthu; ní cheapfar urbhac leis, ná ní bheidh sé ina tharscaoileadh, ag an gCoimisiún in aghaidh a chumhachtaí ná a cheart de bhun an Achta agus/nó an Chóid agus na Rialacha.

# 7 Comhlíontacht agus Forfheidhmiú

7.1 De bhun Ailt 46N(10) agus 46O(11) den Acht, má theipeann ar sholáthraí seirbhíse meán closamhairc cloí leis an gCód nó leis na Rialacha, is sárú é sin chun críocha Chuid 8B den Acht.

7.2 Áiritheoidh soláthraí seirbhíse meán closamhairc go mbeidh córais agus rialuithe i bhfeidhm aige nó aici chun comhlíontacht leis na hoibleagáidí atá sa Chód agus sna Rialacha a léiriú.

7.3 De bhun Alt 47(3) den Acht, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhís meán closamhairc ar éileamh ar fáil cód cleachtais a ullmhú agus a chur chun feidhme chun déileáil le gearáin a bhaineann le teip an tsoláthraí seirbhíse meán cloí le cód maidir le seirbhísí meán nó rialacha maidir le seirbhísí meán.

# 8 Gearáin agus Faisnéis

8.1 Féadfaidh duine gearán a dhéanamh má chreideann sé nó sí nár chomhlíon soláthraí seirbhíse meán seirbhísí ar éileamh an Cód agus na Rialacha seo.

Maidir leis sin agus ag féachaint don oibleagáid atá ar gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi Airteagal 7 den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc chun pointe teagmhála aonair atá so-inrochtana, lena n-áirítear ag daoine faoi mhíchumas, agus atá ar fáil go poiblí ar líne, a ainmniú chun faisnéis a sholáthar agus chun gearáin a fháil maidir le haon saincheisteanna inrochtaineachta, tá Ionad Teagmhála bunaithe ag an gCoimisiún chun ceisteanna a láimhseáil agus gearáin a fháil maidir le haon saincheisteanna inrochtaineachta.

Tá faisnéis faoin bpróiseas láimhseála gearán le fáil ar ár suíomh gréasáin (www.cnam.ie/ga) nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hIonad Teagmhála Choimisiún na Meán ar + 353 1 963 7755 nó ag usersupport@cnam.ie.

8.2 Molann an Coimisiún do ghearánaigh a ngearán a dhéanamh le soláthraí seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil sa chéad ásc ós rud é gurb é sin an bealach is

tapúla chun gearán a bhreithniú agus freagra a thabhairt air.[2]

# 9 Treoir

9.1 Féadfaidh an Coimisiún treoir ghinearálta neamhcheangailteach a chur ar fáil maidir le forálacha an Chóid agus na Rialacha arna iarraidh sin nó de réir mar a mheastar gur gá sin agus nuair a mheastar gur gá sin. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart treoir a fhoilsiú agus a leasú ó am go ham de réir mar is cuí leis an gCoimisiún.

9.2 Ní mór a áireamh sna hiarratais ar threoir an t-ábhar ábhartha atá nasctha leis an iarratas ar threoir. Ba cheart a lua go soiléir san iarraidh an t-alt nó na hailt den Chód agus de na Rialacha atá ábhartha dar leis an iarrthóir, agus ba cheart an cheist shonrach a leagan amach inti ar mhaith leis an iarratasóir tuairim a fháil ina leith.

9.3 Ní ghlacann an Coimisiún le haon dliteanas as aon chinneadh (ná iarmhairtí a eascraíonn as) a dhéantar tar éis treoir neamhcheangailteach a fháil ón gCoimisiún.

# 10 Sainmhínithe – Cód maidir le Seirbhísí Meán agus Rialacha maidir le Seirbhísí Meán

Ciallaíonn **"seirbhísí rochtana"** fotheidealú, teidealú, teanga chomharthaíochta (lena n-áirítear Teanga Chomharthaíochta na hÉireann i gcás seirbhísí a dhíríonn ar lucht féachana/éisteachta na hÉireann) agus tráchtaireacht fuaime mar a shainmhínítear sa Chód agus sna Rialacha seo.

Ciallaíonn **"tráchtaireacht fuaime"** tráchtaireacht lena dtugtar cur síos don lucht féachana nó éisteachta, ar a bhfuil lagú radhairc, ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán ag aon tráth ar leith. Cuirtear tráchtaireacht fuaime ar fáil chun feabhas a chur ar thuiscint an chláir agus ar thaitneamh as an gclár. Baintear úsáid as fuaimrian eile sa teicníc sin ina dtugtar cur síos ar ábhar an chláir agus ar an aicsean ar an scáileán.

Ciallaíonn **"cumarsáid tráchtála chlosamhairc"** cumarsáid tráchtála lena gcuimsítear íomhánna agus fuaim, nó íomhánna gan fuaim, a dheartar leis na hearraí, seirbhísí nó íomhá de dhuine nádúrtha nó dlítheanach a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach, atá ag dul do ghníomhaíocht eacnamaíoch; cuirtear íomhánna den sórt sin i dteannta cláir nó físeán arna ghiniúint ag úsáideoirí, nó áirítear iontu iad, ar íocaíocht a fháil nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil nó chun cuspóirí féinbholscaireachta. Áirítear leis na foirmeacha cumarsáide tráchtála closamhairc, inter alia, fógraíocht teilifíse, urraíocht, teilishiopadóireacht agus suíomh táirgí.

---

[2] I gcás cumarsáid tráchtála, oibríonn Údarás na gCaighdeán Fógraíochta (ASA) próiseas gearán neamhreachtúil. Déanann ASA measúnú ar ghearáin in aghaidh a Chóid Caighdeán um Fógraíocht agus Cumarsáid Margaíochta in Éirinn – féach [https://adstandards.ie](https://adstandards.ie) le haghaidh faisnéis bhreise. Oibríonn comhaltaí eile den Chomhghuaillíocht Eorpach le haghaidh Caighdeáin Fógraíochta próisis gearán chomhchosúla i mBallstáit Eorpacha eile (féach https://www.easa-alliance.org/).

Ciallaíonn **"seirbhís meán closamhairc"**:

(a) seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, sa chás -

(i) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe do, nó

(ii) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe do,

cláir chlosamhairc a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, nó

(b) cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

Ciallaíonn **"seirbhís meán closamhairc ar éileamh (seirbhís ar éileamh)"** seirbhís meán closamhairc a chuireann soláthraí seirbhíse meán ar fáil le go bhféachfar ar chláir ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus ar iarratas aonair an úsáideora, ar bhonn catalóg clár arna roghnú ag an soláthraí seirbhíse meán.

Ciallaíonn **"teidealú"** téacs ar an scáileán lena léirítear an méid atá á rá ar an scáileán. Cé go bhfuil sé cosúil le fotheidealú, níl sé chomh sofaisticiúil céanna agus bíonn léiriú níos bunúsaí ar an méid atá á rá ar an scáileán i gceist leis, uaireanta ní bhíonn ach dath amháin ann, bíonn sé focal ar fhocal agus d'fhéadfadh an téacs a bheith i gcás uachtair amháin.

Ciallaíonn **"leanbh nó leanaí"** duine nó daoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Ciallaíonn **"freagracht eagarthóireachta"** rialú éifeachtach a fheidhmiú ar roghnú na gclár agus ar a n-eagrúchán i sceideal croineolaíoch, i gcás craoltaí teilifíse, nó i gcatalóg, i gcás seirbhísí meán closamhairc ar éileamh. Ní gá go dtugtar le fios le freagracht eagarthóireachta aon dliteanas dlíthiúil faoin dlí náisiúnta as an ábhar nó as na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Ciallaíonn **"líonra cumarsáide leictreonaí"** córais tarchurtha, cibé acu atá siad bunaithe ar bhonneagar buan nó acmhainneacht riaracháin láraithe, agus, i gcás inarb infheidhme, trealamh agus acmhainní eile a mhalartú nó a ródú, lena n-áirítear eilimintí líonra nach bhfuil gníomhach, agus lena gceadaítear iompar comharthaí ar mhodh sreinge, raidió, optúil nó leictreamaighnéadach eile, lena n-áirítear líonraí satailíte, líonraí fosaithe (ciorcadlasctha agus lasctha paicéad, lena n-áirítear an t-idirlíon) agus móibíleacha, córais de cháblaí leictreacha, a mhéid a úsáidtear iad chun comharthaí a tharchur, líonraí a úsáidtear le haghaidh craoltóireacht raidió agus teilifíse, agus líonraí teilifíse cábla, beag beann ar chineál na faisnéise a thugtar.

Ciallaíonn **"Teanga Chomharthaíochta na hÉireann"** teanga dhúchais nádúrtha phobal na mBodhar in Éirinn. Is teanga amhairc, spásúil í a chuireann brí in iúl trí na lámha, ach tríd an aghaidh agus tríd an gcolainn freisin. Tá a struchtúir, rialacha agus gnéithe casta féin ag Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Ciallaíonn **"soláthraí seirbhíse meán"** an duine nádúrtha nó dlítheanach ar a bhfuil freagracht eagarthóireachta as ábhar closamhairc na seirbhíse meán closamhairc a roghnú agus a chinneann an modh ina n-eagraítear é.

Ciallaíonn **"suíomh táirgí"** aon chineál cumarsáide tráchtála closamhairc arb é atá i gceist táirge, seirbhís nó trádmharc de/di a áireamh, nó tagairt a dhéanamh dó/di, ionas gur gné de chlár nó d'fhíseán arna ghiniúint ag úsáideoirí é, i gcomaoin íocaíochta nó comaoin den tsamhail sin.

Ciallaíonn **"clár"** sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb éard atá iontu mír aonair, beag beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg arna bhunú ag soláthraí seirbhíse meán, lena n-áirítear scannáin fhada, gearrthóga físeáin, imeachtaí spóirt, drámaí grinn suímh, cláir faisnéise, cláir do leanaí agus bunsaothar drámaíochta.

Is í **"Teanga Chomharthaíochta"** teanga dhúchais nádúrtha phobal na mBodhar. Is teanga amhairc, spásúil í a chuireann brí in iúl trí na lámha, ach tríd an aghaidh agus tríd an gcolainn freisin. Tá a struchtúir, rialacha agus gnéithe teangeolaíocha féin ag Teanga Chomharthaíochta.

Ciallaíonn **"urraíocht"** aon ranníocaíocht arna déanamh ag gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó daoine nádúrtha nach bhfuil ag gabháil do sheirbhísí meán closamhairc nó do sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán a sholáthar ná do shaothair chlosamhairc a tháirgeadh chun maoiniú a dhéanamh ar sheirbhísí meán closamhairc, ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán, ar fhíseáin arna nginiúint ag úsáideoirí nó ar chláir d'fhonn ainm, trádmharc, íomhá, gníomhaíochtaí nó táirgí na ngnóthas nó ndaoine sin a chur chun cinn.

Ciallaíonn **"cumarsáid tráchtála chlosamhairc fholaitheach"** léiriú i bhfocail nó pictiúir ar earraí, seirbhísí, ainm, trádmharc nó gníomhaíochtaí táirgeora earraí nó soláthraí seirbhísí i gcláir nuair a bheartaíonn an soláthraí seirbhíse meán go bhfeidhmeoidh an léiriúchán sin mar fhógraíocht, agus go bhféadfaí an pobal a mhíthreorú faoina cineál. Measfar léiriúchán den sórt sin go sonrach a bheith d'aon ghnó má dhéantar é ar íocaíocht nó ar chomaoin chomhchosúil a fháil.

Ciallaíonn **"teicnící fo-thairseachúla"** cumarsáid tráchtála lena n-áirítear aon ghléas teicniúil, lena dtapaítear an fhéidearthacht, trí íomhánna fíorghearr ó thaobh faid de a úsáid nó trí mhodh ar bith eile, teachtaireacht a sheoladh chuig baill de spriocluchtí, féachana nó éisteachta nó tionchar a fheidhmiú ar bhealach éigin eile orthu, gan iad a bheith feasach nó lánfheasach faoin méid a rinneadh.

Ciallaíonn **"fotheidealú"** téacs ar an scáileán lena léirítear an méid atá á rá ar an scáileán. Is féidir le fotheidealú a bheith oscailte nó dúnta. Is fotheidealú é fotheidealú oscailte a fhanann ar an scáileán i gcónaí. Is féidir fotheidealú dúnta a dhéanamh infheicthe nó dofheicthe de réir mar is mian leis an lucht féachana, ag baint úsáid as cianrialtán, mar shampla. Bíonn fotheidealú formáidithe i dtreo is go gcabhródh sé le léirmhíniú agus tuiscint an téacs agus go nascfar leis an ngníomhaíocht ar an scáileán é ar bhealach níos cruinne.

# Forálacha an Chóid maidir le Seirbhís Meán

Déantar na forálacha seo a leanas de bhun Alt 46N(1) agus Alt 46N(5) den Acht.

## 11 Ábhar Dochrach

11.1 De bhun Alt 46J(1)(c) agus (d) den Acht, ní chuirfidh soláthraithe seirbhíse meán a sholáthraíonn seirbhísí ar éileamh na rudaí seo a leanas ar fáil i gcatalóg den tseirbhís:

(a) aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur iompar é a thagann faoi réim an choincheapa de bhriogadh poiblí chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh de réir mar a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541;

(b) aon ní a bhféadfaí a mheas le réasún gur ní é ar dóigh dó gríosú chun foréigin nó fuatha in aghaidh grúpa daoine, nó comhalta de ghrúpa, bunaithe ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt, [3] arb éard iad gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, nó treoshuíomh gnéasach. Is ní den chineál sin é an náisiúntacht gan dochar d'fhorálacha speisialta an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus an Chonartha ar an Aontas Eorpach.

11.2 Gan dochar d'Alt 11.1, i gcás soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil, ní mór dóibh faisnéis leordhóthanach a sholáthar don lucht féachana nó éisteachta maidir le hábhar lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí. Bainfidh soláthraí na seirbhíse meán leas as córas lena ndéanfar cur síos ar chineál ábhair a sheirbhíse meán closamhairc ar éileamh, ar cineál é a d'fhéadfadh a bheith dochrach.

11.3 Déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil bearta iomchuí chun a áirithiú nach gcuirfear ábhar, lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí, go háirithe an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh sin:

(a) ábhar ina gcuimsítear an phornagrafaíocht,

(b) ábhar a bhaineann le foréigean ar son an fhoréigin, ar fáil ach amháin ar bhealach nach bhfeicfidh nó nach gcloisfidh leanaí iad de ghnáth.

11.4. Maidir leis na bearta iomchuí chun críoch Alt 11.3, is féidir gurb é a bheidh i gceist leis sin go n-úsáidfidh soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh cuid de na sásraí cosanta seo a leanas nó iad uile:

- réamhrabhaidh maidir le hábhar a úsáid.

---

[3] Áirítear leis sin baill den Lucht Siúil nó den phobal Romach, ach gan bheith teoranta dóibh.

– rialúcháin tuismitheoirí a chur ar fáil, lena n-áirítear modhanna teoranta agus Rochtain PIN.

– uirlisí dearbhaithe aoise.[4]

– córais rochtana ar chuntas e.g. i gcás nach bhfuil ábhar inrochtana ach amháin trí chárta creidmheasa nó sásraí cláraithe eile.

– bearta teicniúla eile a bhaineann amach toradh coibhéiseach leis an méid sin roimhe seo.

11.5. Beidh na bearta iomchuí chun críoch Alt 11.3 comhréireach le díobháil fhéideartha an chláir do leanaí. I ndáil leis sin, tabharfaidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil aird ar chumas an ábhair dochar a dhéanamh do leanaí agus an cur chuige comhréireach a bheadh le glacadh á chinneadh acu. Áirítear ar na tosca atá le cur san áireamh: -

i. An leibhéal dochair dhóchúil a d'fhéadfadh eascairt as ábhar an chláir.

ii. An dóchúlacht go bhfaighidh leanaí rochtain ar an ábhar.

iii. Cineál na seirbhíse ar éileamh agus an lucht féachana/éisteachta dóchúil a bheadh aici.

11.6. Gan dochar do ghinearáltacht Ailt 11.3, 11.4 agus 11.5, beidh an t-ábhar is dochraí, is é sin foréigean ar son an fhoréigin agus pornagrafaíocht, faoi réir na mbeart is déine.

11.7. Ní dhéanfar sonraí pearsanta leanaí a bhailíonn nó a ghineann soláthraithe seirbhíse meán de bhun ailt 11.3, 11.4 nó 11.6 a phróiseáil chun críoch tráchtála, amhail margaíocht dhíreach, próifíliú agus fógraíocht dírithe ar iompar.

# 12 Cearta chun Saothar Cineamatagrafach

12.1 Ní tharchuirfidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil saothair chineamatagrafacha lasmuigh de thréimhsí arna gcomhaontú le sealbhóirí na gceart.

# 13 Cumarsáid Tráchtála Chlosamhairc

13.1 Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil go bhfuil an chumarsáid tráchtála chlosamhairc a chuireann siad ar fáil furasta a aithint.

13.2 Ní áireoidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil i gcláir nó

[4] Ní bheidh beart dearbhaithe aoise nach bhfuil bunaithe ach amháin ar fhéindearbhú aoise ó úsáideoirí na seirbhíse ina fhoirm éifeachtach de dhearbhú aoise chun críoch an Chóid seo agus na Rialacha.

i dteannta le cláir aon chumarsáid tráchtála chlosamhairc fholaitheach ná aon chumarsáid tráchtála chlosamhairc ina n-úsáidtear teicnící fo-thairseachúla.

13.3 Ní sholáthróidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá dochrach don phobal i gcoitinne, is é sin le rá: -

i. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina ndéantar dochar don urraim ar dhínit dhaonna.

ii. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina n-áirítear nó ina gcuirtear chun cinn aon leithcheal atá bunaithe ar na forais seo a leanas: gnéas, bunús ciníoch nó eitneach, náisiúntacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, nó gnéaschlaonadh.

iii. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina dtugtar spreagadh d'iompar atá dochrach don tsláinte nó don tsábháilteacht.

iv. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina dtugtar spreagadh d'iompar atá thar a bheith dochrach do chosaint an chomhshaoil.

v. cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh toitíní agus táirgí tobac eile, chomh maith le toitíní leictreonacha agus coimeádán athlíonta.

vi. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina dtugtar spreagadh d'ólachán míchuibheasach deochanna alcólacha.

vii. cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh táirgí íocshláinte agus cóireálacha leighis nach bhfuil ar fáil sa Stát ach amháin ar oideas.

13.4 Ní sholáthróidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil cumarsáid tráchtála chlosamhairc atá dochrach do leanaí, is é sin le rá:

i. cumarsáid tráchtála chlosamhairc a spreagann leanaí go díreach chun táirge nó seirbhís a cheannach nó a fhruiliú trí úsáid a bhaint as an easpa taithí nó an inchreidteacht atá acu.

ii. cumarsáid tráchtála chlosamhairc a spreagann leanaí go díreach chun cur ina luí ar a gcuid tuismitheoirí nó daoine eile na hearraí nó na seirbhísí a ndéantar fógraíocht ina leith a cheannach.

iii. cumarsáid tráchtála chlosamhairc a bhaineann leas as an muinín faoi leith a chuireann leanaí i dtuismitheoirí, múinteoirí agus daoine eile.

iv. cumarsáid tráchtála chlosamhairc ina léirítear leanaí i suíomhanna contúirteacha ar bhonn míréasúnta.

v. cumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh deochanna alcólacha a dhírítear go sonrach ar leanaí.

13.5 Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil go gcloífidh an chumarsáid tráchtála chlosamhairc le haghaidh deochanna alcólacha a sholáthraíonn siad, cé is moite d'urraíocht agus de shuíomh táirgí, leis na ceanglais seo a leanas:

i. ní spriocdhíreofar cumarsáid tráchtála chlosamhairc ar mhionaoisigh go sonrach nó ní léireofar inti mionaoisigh ag ól na ndeochanna sin.

ii. ní nascfar i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc ólachán alcóil le feidhmíocht fheabhsaithe fhisiciúil nó le tiomáint.

iii. ní thabharfar le tuiscint i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc go gcuirtear le rath sóisialta nó gnéasach trí alcól a ól.

iv. ní mhaífear i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc go bhfuil cáilíochtaí teiripeacha ag alcól nó gur spreagthach nó támhachán é, nó gur modh é chun coinbhleachtaí pearsanta a réiteach.

v. ní spreagfar i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc ólachán míchuibheasach deochanna alcólacha, ná ní léireofar inti staonadh nó measarthacht ar bhealach diúltach.

vi. ní leagfar béim ar neart ard alcóil mar cháilíocht dhearfach na ndeochanna i gcumarsáid tráchtála chlosamhairc.

# 14 Urraíocht

14.1 Comhlíonfaidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil agus atá urraithe na ceanglais seo a leanas:

i. ní bheidh tionchar ar bith ar ábhar na seirbhísí ar éileamh nó na gclár a chuireann siad ar fáil i gcás ar bith ar bhealach a chuirfeadh isteach ar fhreagracht agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta an tsoláthraí seirbhíse meán.

ii. ní spreagfaidh na seirbhísí ar éileamh nó na cláir, a chuireann siad ar fáil, go díreach earraí nó seirbhísí a cheannach nó a fháil ar cíos, go háirithe trí thagairtí speisialta poiblíochta a dhéanamh do na hearraí nó do na seirbhísí sin.

iii. cuirfear in iúl go soiléir don lucht féachana/éisteachta go bhfuil comhaontú urraíochta ann.

iv. déanfar cláir urraithe a chur in iúl go soiléir trí ainm, lógó agus/nó aon siombail eile de chuid an urraitheora, amhail tagairt dá tháirge nó dá tháirgí nó dá sheirbhís(í) nó comhartha sainiúil díobh ar bhealach iomchuí do chláir ag tús na gclár, lena linn agus/nó ag a ndeireadh.

14.2 Ní cheadóidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil na seirbhísí ar éileamh nó cláir a chuireann siad ar fáil a bheith urraithe ag gnóthais arb é a bpríomhghníomhaíocht toitíní agus táirgí tobac eile, chomh maith le toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta, a mhonarú nó a dhíol.

14.3 Ní cheadóidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil seirbhísí ar éileamh nó cláir a chuireann siad ar fáil táirgí sonracha íocshláinte nó cóireálacha sonracha leighis nach bhfuil ar fáil ach le hoideas sa Stát a chur chun cinn.

14.4 Gan dochar d'Alt 14.3, féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil a cheadú na seirbhísí ar éileamh nó na cláir a sholáthraíonn siad a chur chun cinn le hainm nó le híomhá na ngnóthas a bhfuil monarú nó díol táirgí íocshláinte agus cóireáil leighis mar chuid dá ngníomhachtaí.

14.5 Ní cheadóidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil urraíocht a dhéanamh ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha a chuireann siad ar fáil.

14.6 Ní cheadóidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil lógó urraíochta a thaispeáint le linn na gclár faisnéise nó na gclár reiligiúnach a sholáthraíonn siad.

# 15 Suíomh Táirgí

15.1 Ceadóidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil suíomh táirgí sna seirbhísí ar éileamh a chuireann siad ar fáil, seachas ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha, ar chláir maidir le gnóthaí tomhaltóra, ar chláir reiligiúnacha agus ar chláir do leanaí.

15.2 Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil go mbeidh na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh le cláir ina bhfuil suíomh táirgí:

i. ní bheidh tionchar ar ábhar agus eagrú cláir den chineál sin laistigh de chatalóg i gcás ar bith ar bhealach a chuirfeadh isteach ar fhreagracht agus ar neamhspleáchas eagarthóireachta an tsoláthraí seirbhíse meán.

ii. ní dhéanfaidh siad spreagadh díreach chun earraí nó seirbhísí a cheannach nó a fháil ar cíos, go háirithe trí thagairtí speisialta poiblíochta a dhéanamh do na hearraí nó do na seirbhísí sin.

iii. ní thabharfaidh siad tosaíocht mhíchuí don táirge atá i gceist.

iv. cuirfear an lucht féachana/éisteachta ar an eolas ar bhealach soiléir faoi shuíomh táirgí a bheith ann ach é a chur in iúl go soiléir ag tús agus ag deireadh an chláir, agus nuair a thosaíonn clár arís tar éis sos fógraíochta, chun nach mbeidh aon mhearbhall ar an lucht féachana.

Ní bheidh feidhm ag Alt 15.2 iv. ach amháin maidir le cláir a bhí táirgthe nó coimisiúnaithe ag an soláthraí seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil nó ag cuideachta atá comhcheangailte léis nó léi.

15.3 Gan dochar d'Ailt 15.1 agus 15.2, ní dhéanfar suíomh táirgí sna cláir i gcás aon cheann díobh seo a leanas: -

i. toitíní agus táirgí tobac eile, mar aon le toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta, nó suíomh táirgí ó ghnóthais arb é a bpríomhghníomhaíocht na táirgí

sin a mhonarú nó a dhíol.

ii. táirgí sonracha íocshláinte nó cóireálacha sonracha leighis nach bhfuil ar fáil ach le hoideas sa Stát.

15.4 Ní bheidh feidhm ag Ailt 15.1, 15.2, agus 15.3 ach amháin maidir le cláir a táirgeadh tar éis an 19 Nollaig 2009.

Déantar na forálacha seo a leanas de bhun Alt 46O(1)(5)(6)(7) agus (9) den Acht.

# 16 Inrochtaineacht seirbhísí closamhairc ar éileamh

16.1 Déanfaidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil bearta comhréireacha chun a chinntiú go mbeidh na cláir a chuirtear ar fáil ar a gcuid seirbhísí ar éileamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar bhonn leanúnach agus de réir a chéile trí sheirbhísí rochtana a sholáthar mar a shainítear sa Chód agus sna Rialacha seo.

## Plean Gníomhaíochta Inrochtaineachta

16.2 Forbróidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil plean gníomhaíochta inrochtaineachta, a chomhaontófar leis an gCoimisiún, i leith na hoibleagáide a leagtar amach faoi Alt 16.1.

16.3 Cuirfidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil a gcéad phlean gníomhaíochta inrochtaineachta ar fáil don Choimisiún laistigh de shé mhí ó dháta foilsithe an Chóid agus na Rialacha seo agus gach bliain ina dhiaidh sin.

16.4 Nuair atá a gcéad phlean gníomhaíochta inrochtaineachta agus an plean gníomhaíochta ina dhiaidh sin á bhforbairt ag soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil, léireoidh siad gur thug siad aird chuí ar na tosca tionchair a leagtar amach faoi Alt 16.6.

16.5 Tabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas sa phlean gníomhaíochta inrochtaineachta atá le forbairt agus le comhaontú leis an gCoimisiún i leith na hoibleagáide a leagtar amach faoi Alt 16.1: -

i. An cion de na seirbhísí rochtana a bheartaíonn soláthraí seirbhíse meán seirbhísí ar éileamh a chur ar fáil gach bliain ar an tseirbhís nó na seirbhísí ar éileamh a sholáthraíonn sé nó sí.

ii. Na bearta atá le déanamh chun cloí leis na caighdeáin cháilíochta arna bhforbairt ag an gCoimisiún maidir le hAlt 16.7.

iii. Moltaí i ndáil le faisnéis éigeandála a sholáthar maidir le hAlt 16.8.

iv. An modh ina ndéanfaidh soláthraí seirbhíse meán seirbhísí ar éileamh a chuirtear ar fáil ar an tseirbhís nó na seirbhísí ar éileamh a sholáthraíonn sé nó sí a chur chun cinn.

v. Moltaí chun dul i gcomhairle le húsáideoirí seirbhísí rochtana, lena n-áirítear Eagraíochtaí Ionadaíocha um Dhaoine faoi Mhíchumas, maidir le seirbhísí rochtana a bheith á soláthar ag an soláthraí seirbhíse meán ar an tseirbhís meán ar éileamh nó ar na seirbhísí meán ar éileamh a sholáthraíonn sé nó sí.

vi. Moltaí maidir lena chinntiú go bhfuil meicníocht inrochtana ann chun déileáil le gearáin agus fiosrúcháin ón lucht féachana agus éisteachta maidir le soláthar seirbhísí rochtana.

vii. Moltaí ón soláthraí seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil chun feabhas a chur ar a chuid seirbhísí rochtana agus monatóireacht a dhéanamh ar a sheirbhís chun a áirithiú go gcomhlíonfar caighdeáin cháilíochta go comhsheasmhach.

Maidir le soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil, soláthróidh siad a bplean gníomhaíochta inrochtaineachta bliantúil don Choimisiún i bhformáid atá inrochtana agus oiriúnach lena foilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## Tosca Tionchair

16.6 Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis na bearta comhréireacha atá le déanamh maidir le hAlt 16.1 agus le sonrú ina bplean gníomhaíochta inrochtaineachta bliantúil, léireoidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil gur tugadh aird chuí ar na tosca tionchair seo a leanas,[5] is é sin le rá: -

i. Cineál an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

ii. Céim forbartha an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh agus an cumas atá aige cláir inrochtana a sholáthar.

iii. Leibhéal soláthair reatha na seirbhísí rochtana a chuireann an soláthraí seirbhíse meán ar fáil ar na seirbhísí ar éileamh a chuir sé ar fáil.

iv. Na cineálacha clár a chuirtear ar fáil i gcatalóg na seirbhísí ar éileamh a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse meán.

v. An costas acmhainní daonna agus teicniúla ar an soláthraí seirbhíse meán as seirbhísí rochtana a chur ar fáil.

vi. Acmhainn theicniúil an tsoláthraí seirbhísí meán seirbhísí rochtana a chur ar fáil ar na seirbhísí ar éileamh a sholáthraíonn sé.

## Caighdeáin Cháilíochta

16.7 Cloífidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil le caighdeáin cháilíochta, a mhéid is indéanta déanamh amhlaidh, chun go soláthrófar seirbhísí rochtana arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún agus arna bhforbairt tar éis dul i gcomhairle leis an bpobal agus le soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil.

---

[5] Tá treoir neamhcheangailteach maidir leis na tosca tionchair sin forbartha ag an gCoimisiún agus is féidir rochtain a fháil uirthi ag https://cnam.ie

## Faisnéis Éigeandála

16.8 I gcás ina dtarchuireann seirbhís ar éileamh faisnéis éigeandála, lena n-áirítear cumarsáid phoiblí agus fógraí poiblí i gcásanna tubaistí nádúrtha, áiritheoidh soláthraí na seirbhíse sin go gcuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar bhealach atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas.

## Tuairisciú

16.9 De bhun cumasú don Choimisiún a oibleagáid tuairiscithe a leagtar amach faoi Airteagal 7(2) den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chomhlíonadh, soláthróidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhísí ar éileamh ar fáil tuarascáil don Choimisiún, ar bhealach a shonrófar tuilleadh, maidir le cur chun feidhme an chéad phlean gníomhaíochta inrochtaineachta bhliantúil agus na gceann ina dhiaidh sin a comhaontaíodh leis an gCoimisiún.

# Treoir

# Tosca Tionchair

In Alt 16 den 'Cód maidir le Seirbhís Meán agus Rialacha maidir le Seirbhís Meán – Soláthraithe Seirbhíse Meán Closamhairc ar Éileamh' ó Choimisiún na Meán, agus na bearta comhréireacha atá le déanamh chun a áirithiú go mbeidh na cláir a chuirtear ar fáil ar a seirbhísí ar éileamh níos inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar bhonn leanúnach agus de réir a chéile, sonraítear go léireoidh soláthraithe seirbhíse meán a chuireann seirbhís ar éileamh ar fáil, agus a gcéad phlean gníomhaíochta inrochtaineachta agus an ceann ina dhiaidh sin á fhorbairt acu, gur tugadh aird chuí ar na tosca tionchair a leagtar amach faoi Alt 16.6 de na Rialacha. Cuirtear tuilleadh treorach ar fáil sa cháipéis seo ina leith sin.

## i. Cineál an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

**Treoir:** An seirbhís phoiblí nó seirbhís phríobháideach í an tseirbhís/iad na seirbhísí? An bhfuil an tseirbhís ag fáil airgead poiblí agus, dá bharr sin, an bhféadfadh go mbeadh dualgais seirbhíse poiblí níos mó uirthi? An bhfuil aidhmeanna sonracha, bídís sin ina n-aidhmeanna cultúrtha, sóisialta nó teanga, ag an tseirbhís a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcumas atá aici seirbhísí inrochtana a sholáthar?

## ii. Céim forbartha an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh agus an cumas atá aige cláir inrochtana a sholáthar.

**Treoir:** Cá fhad atá an tseirbhís/na seirbhísí i mbun feidhme? Cén taithí atá ag an soláthraí seirbhíse meán ar sholáthar seirbhísí rochtana? An bhfuil leibhéal saineolais ag an soláthraí seirbhíse meán nó ar fáil don soláthraí seirbhíse meán cheana féin maidir le soláthar seirbhísí rochtana? Cad é a sciar sa mhargadh?

## iii. Leibhéal soláthair reatha na seirbhísí rochtana.

**Treoir:** Cad é a dtúsphointe? Cá mhéad fotheidealú, teidealú, teanga chomharthaíochta nó tráchtaireacht fuaime atá ar fáil faoi láthair ar an tseirbhís/na seirbhísí ar éileamh a chuireann siad ar fáil?

## iv. Na cineálacha clár a chuirtear ar fáil i gcatalóg na seirbhíse/seirbhísí meán closamhairc ar éileamh.

**Treoir:** An bhfaigheann an tseirbhís/na seirbhísí roinnt mhaith ábhair ó thríú páirtithe? Cá mhéad clár baile a sholáthraítear leis an tseirbhís? An gcruthaítear cláir go neamhspleách? Tá na ceisteanna sin ábhartha toisc go mbíonn tionchar ag na cineálacha clár sa chatalóg ar chostas, ar áiseanna teicniúla, ar phearsanra agus ar chumas seirbhísí rochtana a sholáthar.

## v. Costas acmhainní daonna agus teicniúla an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a chuireann seirbhísí rochtana ar fáil.

**Treoir:** Cad í acmhainn airgeadais an tsoláthraí seirbhíse meán agus cén tionchar airgeadais dóchúil a bheadh ann dá gcuirfí seirbhísí rochtana ar fáil?

## vi. Acmhainn theicniúil an tsoláthraí seirbhíse meán closamhairc ar éileamh.

**Treoir:** Cad iad na háiseanna agus cad é an saineolas atá sa tseirbhís faoi láthair maidir le seirbhísí rochtana a sholáthar? An bhfuil an acmhainn teicniúil ag an tseirbhís seirbhísí rochtana a sholáthar?  Cad iad na háiseanna agus cad é an saineolas a bheadh ag teastáil, ó thaobh leibhéil agus cineáil de?